





AN BORD PLEANÁLA
ANNUAL REPORT 2006

AN BORD PLEANÁLA
TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2006



CONTENTS



	Page
Mission Statement	4
Members of the Board	5
Chairperson's Statement	6
All cases	13
Normal planning appeals	17
Local authority projects	22
Other cases	23
Human resources	25
Organisational chart 2006	28
Finance	30
Legal proceedings	31
Access to information	32
Consultations with other bodies	34
Appendices	
Appendix 1 Analysis of normal planning appeals	35
Appendix 2 Normal planning appeals received/ decided by area	36
Appendix 3 Normal planning appeals by development category/area	37
Appendix 4 Cases disposed of by reference to statutory objective period	38
Appendix 5 Analysis of rural housing decisions	39
Appendix 6 New Staff Organisational Chart	40
Appendix 7 Prompt Payment of Accounts Act	41
Appendix 8 Statement on System of Internal Financial Control	43
Appendix 9 Statement on Remuneration and Members' Fees	45
Appendix 10 Financial Statements	46
Appendix 11 Report of the Comptroller and Auditor General	64

CLÁR

	Leathanaigh
Ráiteas Misin	4
Comhaltaí an Bhoird	5
Ráiteas an Chathaoirligh	6
Gach cás	13
Gnáth achomhairc phleanála	17
Tionscadail údarás áitiúil	22
Cásanna eile	23
Cairt acmhainní daonna	25
Cairt Eagraíochta 2006	28
Airgeadas	30
Imeachtaí dlíthiúla	31
Rochtain ar eolas	32
Comhairliú le comhlachtaí eile	34
Aguisíní	
Aguisín 1 Anailís ar ghnáth achomhairc phleanála	35
Aguisín 2 Gnáth achomhairc phleanála faigthe/le cinneadh déanta de réir ceantair	36
Aguisín 3 Gnáth achomhairc phleanála de réir catagóire/ceantair forbartha	37
Aguisín 4 Cásanna a cuireadh de láimh trí thagairt do sprioc thréimhse reachtúil	38
Aguisín 5 Anailís ar chinntí ar thithíocht tuaithe	39
Aguisín 6 Cairt Eagraíochta Foirne Nua	40
Aguisín 7 An tAcht um Íoc Pras Cuntas	41
Aguisín 8 Ráiteas ar an gcóras Rialaithe Airgeadais Inmheánach	43
Aguisín 9 Ráiteas ar Luach Saothair agus Táillí na gComhaltaí	45
Aguisín 10 Ráitis Airgeadais	46
Aguisín 11 Tuarascáil an Ard-reachtaire Cuntas agus Ciste	64

MISSION STATEMENT



To play our part as an independent body in ensuring that physical development and major infrastructure projects in Ireland respect the principles of sustainable development and are planned in an efficient, fair and open manner.

Objectives

The objectives of the Board and our performance in 2006 in relation to these objectives are on our website.

The key performance indicators relating to appeals and cognate functions are contained in this Report.

RÁITEAS MISIN



Ár bpáirt a dhéanamh mar chomhlacht neamhspleách lena chinntíú go bhfuil meas ag forbairt fhisiceach agus ag tionscadail bhoneagair mhóra in Éirinn ar phrionsabail fhorbartha inchothaithe agus go ndéanfar pleannail i slí éifeachtach, chothrom agus oscailte.

Cuspóirí

Tá cuspóirí an Bhoird agus ár bhfeidhmíocht i 2006 i dtaobh na cuspóirí seo ar fáil ar ár suíomh idirlín.

Tá mórháscairí feidhmíochta maidir le hachomhairc agus le feidhmiú coibhneasta ar fáil sa Tuarascáil seo.

MEMBERS OF THE BOARD



COMHALTAÍ AN BHOIRD



1



2



3



4



5



6



7



8



9



10



11

* Members of the Management Committee
* Comhaltaí den Choiste Bainistíochta.

¹ Term of Office ended September 2006

² Term of Office ended November 2006

³ Mary MacMahon appointed November 2006

- 1 John O'Connor *
Chairperson
Cathaoirleach
- 2 Brian Hunt*
Deputy Chairperson
Leas-Chathaoirleach
- 3 Jane Doyle
- 4 Berna Grist ¹
- 5 Michael Wall ²
- 6 Angela Tunney
- 7 Brian Swift
- 8 Mary Bryan
- 9 Karl Kent
- 10 Margaret Byrne
- 11 Mary MacMahon ³

CHAIRPERSON'S STATEMENT



Of greatest significance to An Bord Pleanála in 2006 was the enactment of the Planning and Development (Strategic Infrastructure) Act 2006. I consider that, in assigning responsibility to the Board for operating a single planning consent procedure for strategic infrastructure projects, the Oireachtas expressed confidence in the Board. Having regard to the experience we already have in adjudicating on infrastructure projects I believe the Board is well placed to discharge these functions in an effective, efficient and impartial manner and to deliver a good level of service to all parties in relation to the new functions. I shall return to this later in my statement.

Workload and Performance in 2006

The record level of activity experienced by the Board in 2005 continued unabated in 2006 when the intake of cases, of all kinds, again almost reached the **6,000** mark. Notwithstanding a **4%** increase in cases determined, this resulted in a significant rise in the workload on hands at year end and a further deterioration in the Board's performance in relation to the timeliness of its decision making.

The following gives an overview of the Board's workload and performance in 2006:

- intake of new cases **5,930** – the same level as 2005.
- cases determined **5,628** – up **4%**.
- workload on hands at year end **2,364** – up **15%**.
- 18 week statutory objective met in **52%** of cases, compared to 78% in 2005.
- average time to determine cases **18** weeks, compared to 15 weeks in 2005.

Other noteworthy features in 2006

- The percentage of local authority planning decisions appealed to the Board showed a slight decrease to **6.9%** (from 7.4% in 2005).
- The rate of reversal of local planning authority decisions appealed showed a slight increase - **33%** in 2006 compared to 30% in 2005. The large disparity between local authorities in the rate of reversal, apparent in previous years, continued in 2006.

RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH

An rud is suntasaí don Bhord Pleanála in 2006 ná achtú an Achta Phleanála agus Forbartha (Bonneagar Straitéisearch) 2006. Measaim gur léirigh an tOireachtas a mhuinín sa Bhord trí fhreagracht a chur ar an mBord as nós imeachta toilithe pleanála amháin a fheidhmiú do thionscadail bhoneagair straitéisearcha. I bhfianaise an taithí atá agaínn ar bhreithiúnas a dhéanamh faoi thionscadail bhoneagair, i mo thuairim, beidh an Bord in ann na feidhmeanna seo a chomhlíonadh ar bhealach éifeachtúil, éifeachtach agus neamhchlaon agus leibhéal ard seirbhíse a chur ar fáil do na páirtithe uile i ndáil leis na feidhmeanna nua. Tiocfaidh mé ar ais chuige seo níos déanaí i mo ráiteas.

Ualach Oibre agus Feidhmíocht in 2006


Lean an leibhéal gníomhaíochta curiarrachta a bhí ar siúl sa Bhord in 2005 ar aghaidh in 2006, nuair is beag, nach raibh **6,000** cás de gach cineál arís. D'ainneoin méadú **4%** ar chásanna a cinneadh, mar thoradh ar an iontógáil mhór bhí ardú suntasach ar an ualach oibre a bhí ar láimh ag deireadh na bliana agus mar sin thit feidhmíocht an Bhoird maidir le tráthúlacht a gcinnteoireachta arís.

Is féidir forbhreathnú d'ualach oibre agus feidhmíocht an Bhoird in 2006 a fháil ó na firicí seo a leanas:

- cásanna nua a fuarthas **5,930** – suas 0% ó 2005.
- cásanna a cinneadh **5,628** – suas **4%**.
- ualach oibre ar láimh ag deireadh na bliana **2,364** – suas **15%**.
- baineadh amach an cuspóir reachtúil 18 seachtain i **52%** de chásanna, i gcomparáid le 78% in 2005.
- meán-am chun cásanna a chinneadh – **18** seachtain, i gcomparáid le 15 seachtain in 2005.

Gnéithe suntasacha eile in 2006

- Tháinig laghdú beag ar chéatadán na gcoinní pleánála déanta ag údarás áitiúla a ndearnadh achomhairc ina gcoinne chuig an mBord, go **6.9%** (ó 7.4% in 2005).
- Tháinig méadú ar ráta cúlaithe chinntí na n-údarás áitiúil a ndearnadh achomhairc ina gcoinne - **33%** in 2006 i gcomparáid le 30% in 2005. Bhí an neamhionannas mór sa ráta cúlaithe idir údarás áitiúla éagsúla, a bhí soiléir sna blianta roimhe seo, le feiceáil arís in 2006.





- Just under half of planning appeals lodged with the Board came from third parties, a slight decrease on 2005.
- Invalid appeals constituted **14.8%** (17.3% in 2005) of all appeals determined, with late appeals (**4.9%**), invalid fee (**4.0%**) and third party appeals with no acknowledgement (**4.2%**) being the main reasons. The Board has taken additional measures to help people avoid making invalid appeals.
- There were **133** applications for leave to appeal by third parties of which **23%** succeeded. All of these applications were decided within the statutory 4 week period.

Current Trends and Outlook

The first five months of 2007 are showing a further very large increase in the total intake of cases. Up to the end of May the intake surged by **23%** over 2006. Although the number of cases disposed of is up by **16%**, the high intake, when added to the backlog carried over from last year, leaves the Board facing a daunting situation as we approach mid-2007 and clearly it will be a major challenge to move back towards our strategic target of determining 90% of cases within the 18-week period. The Board regrets the delays that are occurring in the determination of appeals.

A significant factor in the increased workload in 2007 is the number of appeals by quarry operators against conditions imposed by local planning authorities under section 261 of the Planning and Development Act 2000. Another such



- Tháinig díreach faoi leath na n-achomharc pleanála a lóisteáladh leis an mBord ó thríú páirtithe, laghdú beag ar 2005.
- Ba achomhairc neamhbhailí iad **14.8%** (17.3% in 2005) de na hacomhairc uile a cinneadh, agus bhí achomhairc dhéanacha (**4.9%**), táille neamhbhailí (**4.0%**) agus achomhairc tríú páirtithe gan admháil (**4.2%**) mar na príomh-chúiseanna neamhbhailíochta. Chuir an Bord bearta breise i bhfeidhm in 2006 chun cabhrú le daoine gan achomhairc neamhbhailí a dhéanamh.
- Rinne tríú páirtithe **133** iarratas ar chead achomhairc agus d'éisigh le **23%** diobh. Rinneadh cinneadh faoi na ceadanna achomhairc uile laistigh den tréimhse reachtúil 4 seachtaine.

Claontaí agus Dearcadh Reatha

Tá méadú mór eile tagtha ar iontógáil iomlán na gcásanna le linn na chéad chuíg mhí de 2007. Go dtí deireadh mhí na Bealtaine bhí méadú **23%** tagtha ar an iontógáil i gcomparáid le 2006. Cé go bhfuil méadú **16%** ar líon na gcásanna a cuireadh de láimh, nuair a chuirtear an iontógáil mhór agus an riarráiste ón mbliaín seo caite san áireamh, tá an Bord i staid dhúshláinach agus muid ag druidim le lár 2007; gan amhras beidh sé mar dhúshláin mór dúinn gluaiseacht ar ais i dtreo ár sprice straitéisí de 90% de chásanna a chinneadh laistigh den tréimhse 18 seachtain. Is oth leis an mBord na moilleanna atá ag tarlú maidir le achomhairc a chinneadh.

Factóir suntasach san ualach oibre méadaithe in 2007 ná líon na n-achomharc déanta ag oibreoirí cairéal i gcoinne coinníollacha curtha i bhfeidhm ag údarás phleanála áitiúla



factor is a 20% increase in the number of appeals relating to housing schemes of 30 or more units.

Infrastructure Projects

The Board has over recent years been prioritising major infrastructure projects (whether planning appeals or local authority sponsored projects) to ensure that they are as effective as possible in shortening the timescale for decisions. In 2006 the Board received **68** and disposed of **64** planning appeals that were classed as major infrastructure developments, **34%** being determined within 18 weeks (overall average 26 weeks). In addition, **112** local authority sponsored projects (roads, waste, compulsory purchase, etc.) were submitted to the Board in 2006, **71%** of cases were determined within 18 weeks (overall average 17 weeks).

Of the **23** High Court judicial review proceedings instituted in 2006, none were related to major infrastructure cases. It is noteworthy that the Board has not to date lost any legal case relating to a major infrastructure development and has, in fact, won a number of significant cases.

The Planning and Development (Strategic Infrastructure) Act 2006

The Planning and Development (Strategic Infrastructure) Act 2006 was enacted in 2006 and came into force on 31st January 2007. Under this Act the Board has become the single planning consent authority for certain major infrastructure projects on the transport, energy and environment areas (whether promoted by the public or private sector), including rail transport, gas pipelines and electricity generation and transmission. The Board has published a number of guidelines advising applicants and local authorities of the procedures to be followed and advising the general public and interested bodies on how they can participate in the process. These guidelines are available on the Board's website. The new procedures normally require applicants to engage in pre-application consultations with the Board which will be followed by a ruling from the Board as to whether the particular project will be treated as a strategic infrastructure project in accordance with the new Act. Up to the end of May 2007 the Board had received 31 requests for pre-application consultations and had arranged 25 meetings with the promoters in these cases. The Board aims to hold the first

faoi alt 261 den Acht Pleanála agus Forbartha 2000. Fachtóir eile ná an méadú 20% ar lón na n-achomharc a bhaineann le scéimeanna tithíochta le 30 aonad nó níos mó.

Tionscadail Bonneagair

Le blianta beaga anuas, tá an Bord ag tabhairt tosaíochta do thionscadail bonneagair mhóra (bíodh siad ina n-achomhairc phleanála nó ina dtionscadail urraithe ag údarás áitiúil) chun a chinntí go bhfuil an Bord chomh héifeachtach agus is féidir d'fheann an scála ama do chinntí a ghiorrú. In 2006 fuair an Bord **68** agus chuir sé **64** achomharc pleanála de líamh a bhí rangaithe mar fhorbairtí bonneagair móra, le cinneadh tugtha faoi **34%** díobh laistigh de 18 seachtain (thóg sé 26 seachtain ar an meán). Comh maith leis, Cuireadh **112** tionscadal urraithe ag údarás áitiúil (bóithre, dramhaíl, ceannachán éigeantach, srl.) faoi bhráid an Bhoird in 2006, cinneadh **71%** de na cásanna laistigh de 18 seachtain (thóg sé 17 seachtain ar an meán).

As na **23** imeacht a bhain le hathbhreithniú breithiúnach Ard-Chúirte ar cuireadh túis leo in 2006, níor bhain aon cheann le cás bonneagair mór. Is fiú a thabhairt faoi deara nár chaill an Bord aon chás dlíthiúil fós a bhain le forbairt bonneagair mhór agus, go bhfuil lón suntasach cásanna buaite aige.

An Bille Pleanála agus Forbartha (Bonneagar Straitéiseach) 2006

Achtaíodh an tAcht Pleanála agus Forbartha (Bonneagar straitéiseach) 2006 in 2006 agus tháinig sé i bhfeidhm an 31 Eanáir 2007. Faoin Acht seo is é an Bord an t-aon údarás tolithe pleanála do thionscadail bonneagair straitéiseacha áirithe i réimsí iompair, fuinnimh agus comhshaoil (iad cothaithe ag an earnáil phoiblí nó phriobháideach), lena n-áirítear iompar iarnróid, píblinte gáis agus giniúint agus tarchur leictreachais. Tá roinnt treoirínte foilsithe ag an mBord chun a mhíniú d'iarthóirí agus d'údarás áitiúla cad iad na nósanna imeacha ar chóir leas a bhaint astu, agus chun comhairle a thabhairt don phobal i gcoitine agus do chomhlachtaí leasmhara faoi conas is féidir leo páirt a ghlacadh sa phróiseas. Tá na treoirínte ar fáil ar láithreán gréasáin an Bhoird. De ghnáth, de réir na nósanna imeacha nua, bíonn ar iarrthóirí comhairliúcháin réamh-iarratais a dhéanamh leis an mBord agus ina dhiaidh sin déanfaidh an Bord cinneadh an ndéileálfáí leis an tionscadal áirithe sin mar thionscadal bonneagair straitéisigh de réir an Acharta nua. Faoi dheireadh mhí na



pre-application consultation meeting within four weeks of receipt of the request. A new Strategic Infrastructure Division comprising the Chairperson, Deputy Chairperson and three other members (Margaret Byrne, Angela Tunney and Karl Kent) has been set up within the Board to perform the functions assigned to it under the Act.

Resources

The new range of functions given to the Board in relation to infrastructure and the ever increasing volume of its existing workload have caused the Board to review the adequacy of its resources over the past year. I am pleased to say that approval has been received from the Minister for the Environment, Heritage and Local Government for a considerable increase in the Board's staffing resources. In overall terms total authorised staffing has increased from 136 to 172 (26%) and Board membership from 10 to 11. This provides for a greatly strengthened management structure within the Board in line with the recommendations of the organisational review referred to in previous annual reports. It also means that the Board's carefully considered proposals for additional resources to discharge its new infrastructure functions, put forward after consultation with the trade union representing staff, have been approved in full. The new Strategic Infrastructure Division of the Board will be supported by a separate Division within the organisation with a staff of 25 (see organisation chart at Appendix 6). While some recruitment has already taken place, significant additional recruitment will now be embarked upon to ensure that the full complement of resources is brought to bear as quickly as possible on the Board's considerable workload.

Improving the Organisation

- To further augment our capacity to deal with the increasing workload a number of other measures have been taken in addition to the increased staffing referred to above. These included increasing the panel of fee-per-case inspectors dealing with planning appeals from 46 to 80 and reintroducing a weekend 'overtime' scheme for inspectorate staff.
- At the time of writing, the Board is awaiting a response from the trade union representing staff to its final proposals on the implementation of the recommendations of the Organisational Review of the Board's staffing and structures. These proposals

Bealtaine 2007, bhí 31 iarratas ar chomhairliúchán réamh-iarratais faigte ag an mBord agus bhí 25 cruinníu eagraithe aige le tionscnóirí na gcásanna sin. Tá sé d'aidhm ag an mBord an chéad chruinníu comhairliúchán réamh-iarratais a thionól laistigh de cheithre seachtaine ó iarratas a fháil. Bunaíodh Rannán nua um Bonneagar Straitéiseach laistigh den Bhord ina bhfuil an Cathaoirleach, an Leas-Chathaoirleach agus triúr comhalta eile ((Margaret Byrne, Angela Tunney agus Karl Kent) chun na feidhmeanna a shanntar dó faoin Acht a chomhlíonadh.

Acmhainní

Mar thoradh ar an raon nua feidhmeanna bonneagair a tugadh don Bhord, agus an t-ualach oibre reatha a bhíonn i gcónai ag dul i méid, rinne an Bord athbhreithniú ar leordhóthanacht a chuid acmhainní le linn na bliana seo caite. Tá áthas orm a rá gur fuarthas cead ón Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil méadú suntasach a fháil ar acmhainní foirne an Bhoird. I dtéarmaí iomlána, mhéadaigh líon na foirne údaraithe ó 136 go 172 (26%) agus ballraíocht den Bhord ó 10 go 11. Cuireann sé sin struchtúr bainistíochta i bhfad níos láidre ar fáil laistigh den Bhord ag dul le moltaí an athbhreithnithe eagraíochtuil a ndearnadh tagairt do í dtuarascálaча bliantúla roimhe seo. Ciallaíonn sé freisin gur tugadh formheas iomlán do mholtáí an Bhoird maidir le hacmhainní breise a fháil chun a fheidhmeanna bonneagair nua a chomhlíonadh, moltaí a mheas an Bord go cúramach, agus a cuireadh isteach i ndiaidh comhairliúchán leis an gceardchumann a dhéanann ionadaíocht ar an bhfoireann. Tacóidh Rannán ar leith laistigh den eagraíocht le 25 ball foirne leis an Rannán um Bonneagar Straitéiseach nua (féach an chairt eagraíochtuil in Agusín 6). Cé go ndearnadh roinnt earcáochta cheana féin, beidh gá le hearcáiocht shuntasach bhreise a dhéanamhanois chun a chinntíú go gcuirtear na hacmhainní uile ar fáil chomh luath agus is féidir chun oibriú ar ualach oibre mór an Bhoird.

Ag cur Feabhas ar an Eagraíocht



- Chun feabhas breise a chur ar ár gcumas déileáil leis an ualach oibre méadaitheach, cuireadh roinnt beart eile i bhfeidhm le cois an mhéadaithe ar an líon foirne a luaitear thusa. Áiríodh orthu sin an painéal de chigír táille-in-aghaidh an cháis a mhéadú ó 46 go 80 agus scéim 'ragoibre' deireadh seachtaine a thabhairt isteach arís don fhoireann cigireachta.
- Tráth scríofa na tuarascála seo, tá an Bord ag fanacht le freagra ón gceardchumann a gníomhaíonn thar ceann na foirne maidir lena chuid tograí i

take account of the Labour Court's recommendation and will provide for modernisation and strengthening of management, the development of more effective and efficient work practices and will enhance career prospects for all staff within the Board.

- A review of the Equality Initiative Report took place in 2006 and concluded that the Board had honoured its commitment to the Equality Action Plan drawn up in 2004.
- As mentioned in the 2005 report we are also participating in the National Disability Authority's Excellence Through Accessibility Award scheme. Arising from the requirements of the Disability Act 2005 and from participation in the award scheme the Board's website has been redeveloped. The Board has appointed an Access Officer who will be responsible for providing or arranging for and co-ordinating assistance and guidance to persons with disabilities in accessing our services. The Access Officer will also organise the provision of information in alternative formats such as large print, braille, easy to read and audio on request.
- The Board operates a policy designed to promote a workplace which is free from racial or other discrimination and harassment and which welcomes diversity in the workplace.
- It is our policy to foster relations with the local inner city community in which we are located and we have established contacts with local schools and offer employment experience to local young people.
- Performance Management and Development System is in place for Board Members and staff within the organisation, including a Forecasting and Appraisal Scheme for inspectors.
- The Board welcomes the use of the Irish language by those doing business with us and encourages and supports staff to become fluent in the language. In September 2006, the Board submitted a draft scheme under section 11 of the Official Languages Act 2003 to the Minister for Community, Rural and Gaeltacht Affairs detailing the further services it proposed to provide through Irish.

dtaobh na moltaí san Athbhreithniú Eagrúcháin ar fhoireann agus ar struchtúr an Bhoird a chur i ngníomh. Déanann na tográí sin moltaí na Cúirte Oibreachais a chur i gcuntas agus déanfar socrú leo maidir le nuachóiriú agus neartú bainistíochta, maidir le forbairt cleachtas oibre níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla agus cuirfidh siad feabhas ar chúrsaí gairmréime do gach duine den fhoireann laistigh den Bhord.

- Rinneadh athbhreithniú ar Thuarascáil an Tionscnamh Chomhionannais in 2006, agus dúirt sé gur chomhlíon an Bord a thiomantas don Phlean Gníomhaíochta Comhionannais a cuireadh le cheile in 2004.
- Mar a luadh i dtuarascáil 2005, glacaimid páirt freisin i scéim Duais Sármhaithis trí Rochtain an Údarás Náisiúnta Michumais. Mar thoradh ar cheanglais an Achta Míchumais 2005, agus ár rannpháirtíocht sa scéim gradaim, athfhhorbraíodh láithreán gréasán an Bhoird. Tá Oifigeach Rochtana ceaptha ag an mBord a bheidh freaghrach as cúnamh agus treoir a eagrú agus a chomhordú do dhaoine faoi mhíchumas a theastaíonn uathu leas a bhaint as ár gcuid seirbhísí. Cuirfidh an Oifig Rochtana faisnéis ar fáil i bhformáidí éagsúla ar iarratas freisin, cosúil le cló móir, Braille, éasca le léamh agus ar chlosteip.
- Tá polasaí á fheidhmiú ag an mBord atá deartha chun ionad oibre a chur chun cinn atá saor ó chiníochas agus ó idirdhealú agus crá eile agus a chuireann fálte roimh éagsúlacht san ionad oibre.
- Tá sé mar pholasáí againn caidreamh a chothú leis an bpobal lár-chathrach áitiúil ina bhfuilimid lonnaithe, agus rinneamar teaghmáil le scoileanna áitiúla agus cuirimid taithí oibre ar fáil do dhaoine óga áitiúla.
- Tá Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta i bhfeidhm do Bhaill an Bhoird agus don fhoireann laistigh den eagraíocht, lena n-áirítear Scéim Réamhaisnéise agus Meastóireachta do Chigirí.
- Fáiltíonn an Bord roimh úsáid na Gaeilge ag daoine a dhéanann gnó linn, agus spreagann agus tacaíonn an Bord leis an bhfoireann líofacht sa teanga a bhaint amach. I mí Mheán Fómhair 2006, chuir an Bord dréacht-scéim faoi alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 faoi bhráid an Aire Gnótháí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta ag déanamh cur síos ar na seirbhísí breise a bhfuil sé chun a sholáthar trí mheán na Gaeilge.




- In November 2006 the Board submitted an Outline Action Plan in accordance with the national partnership agreement, "Towards 2016". That plan and subsequent Progress Report were approved by the Department of Environment, Heritage and Local Government.

Public Confidence

The Board's three core principles of independence, impartiality and openness are embedded in our Mission Statement and objectives and underpinned by legislation. We are always mindful that public confidence depends on the integrity and quality of our decision-making and the professionalism with which we carry out our functions. There is a statutory code of conduct for all Board members, staff and consultants, which places stringent obligations on members and employees of the Board to declare interests and conduct themselves generally in a way that reinforces public confidence. It is the Board's policy to adopt the most open approach possible in its relations with the public and we operate a completely open file system once cases are determined.

As our decisions can relate to major developments, it is only natural that some of them give rise to public controversy. However, the Board considers it proper to maintain long established practice of not engaging in discussion on individual cases because of the quasi-judicial nature of our functions and to avoid the risk of prejudicing future cases.



- I mí na Samhna 2006 chuir an Bord Plean Gníomhaíochta Imlíne ar fáil de réir an chomhaontaithe chomhpháirtíochta náisiúnta, "I dTreo 2016". D'fhormheas an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil an plean sin agus an Tuarascáil Dul Chun Cinn a rinneadh ina dhiaidh.

Muinín an Phobail

Tá trí chroí-phrionsabal an Bhoird, neamhspleáchas, neamhchlaontacht agus oscailteachta, leabaithe inár Ráiteas Misin agus bun-tacaithe ag reachtaíocht. Táimid meabhrach i gcónaí go mbraitheann muinín an phobail ar mhacántacht agus ar chaighdeán ár gcinnteoirreachta agus ar an ngairmiúlacht lena gcomhlíonaimid ár bhfeidhmeanna. Tá cód iompair reachtúil ann do gach comhalta den Bhoird, ball foirne agus comhairleoir, a chuireann dualgais diana ar bhaill agus ar fhostaithe an Bhoird aon leas atá acu a chur in iúl agus iad féin a iompar go hiondúil i slí a chuireann le muinín an phobail. Is é polasaí an Bhoird glacadh leis an gcur chuige is oscailte is féidir ina chaidreamh leis an bpobal agus feidhmímid córas comhaid atá go hiomlán oscailte chomh luath agus atá ciintí déanta faoi chásanna.

Toisc go mbaineann ár gcinntí le mór-fhorbairtí, ní haon ionadh go mbeadh roinnt acu mar chíús conspóide poiblí. Síleann an Bord, áfach, go bhfuil sé ceart cloí leis an gcleachtas fad-bunaithe gan dul i mbun plé ar chásanna aonair toisc nádúr leath-bhreithiúnach ár bhfeidhmeanna agus chun baol claontachta a sheachaint i gcásanna sa todhchaí.



Accounts

Appendix 10 contains the Board's audited accounts for 2006. The financial accounting system (FRS 17) now requires the Board to include pension scheme information as an integral part of the accounts and this is reflected in the accounts.

Expenditure increased from €18.8 million in 2005 to €20.9 million in 2006. In 2006, fee income together with costs recouped from local authorities on infrastructure projects was €2.6 million which represented 12% of the total costs of the Board's operations (14% in 2005).

Income increased from €18.6 million in 2005 to €20.8 million leaving a deficit for the year of €122.5k. There was an incoming deficit of €11.1k which left a cumulative deficit of €133.6k.

Thanks

I wish to thank the former Minister for the Environment, Heritage and Local Government, Mr. Dick Roche, T.D. and officials of the Department for their support for the Board, in particular, for the approval of the significant additional staffing resources to which I referred earlier. I wish to express my appreciation to the other members of the Board and staff at all levels for their ongoing commitment and co-operation and also to the consultants and fee-per-case inspectors.

I would also like to pay special tribute to Ms. Berna Grist and Mr. Michael Wall, Board Members, whose terms of office expired in September and November 2006 after serving 5 and 8 years respectively.

Thanks are also due to the management and officials of planning authorities for their co-operation and to the Board's legal advisors.

John O'Connor,
Chairperson

Cuntas

Tá cuntas iniúchta an Bhóird do 2006 ar fáil in Agusín 10. De réir an chórais chuntasaíochta airgeadais (FRS 17) caithfidh an Bord faisinéis ón scéim pinsin a chur san áireamh mar cuid dhílis de na cuntas anois agus tá sé seo léirithe sna cuntas.

Tháinig méadú ar chaiteachas ó €18.8 milliún in 2005 go €20.9 milliún in 2006. In 2006, ba ionann an t-ioncam ó tháillí agus ó chostais aisghafa ó údaráis áitiúla ar thionscadail bhonneagair agus €2.6 milliún, a bhí mar 12% de chostais oibríochtaí uile an Bhoird (14% in 2005).

Tháinig méadú ar ioncam ó €18.6 milliún in 2005 go €20.8 milliún, a chialláonn go raibh easnamh €122.5k ann don bhliaín. Bhí easnamh isteach de €11.1k agus mar sin bhí easnamh carnach de €133.6k.

Buiochas

Ba mhian liom buiochas a ghabháil leis an Aire Chomhshaoil, Oidhreachta, agus Rialtais Áitiúil, an t-Uasal Dick Roche, T.D., agus le hoifigh na Roinne dá dtacaíocht don Bhórd, agus go háirithe as formheas a thabhairt do na hacmhainní foríre nua suntasacha a ndearna mé tagairt dóibh níos lúaithe

Ba bhreá liom, freisin, buiochas ar leith a ghabháil le Berna Grist agus Michael Wall, Comhaltaí den Bhórd, ar éag a dtéarmaí oifige i Meán Fómhair agus Samhain 2006, tar éis dóibh fónamh ar feadh 5 agus 8 bliain faoi seach.

Tá buiochas tuillte chomh maith ag bainistíocht agus oifighí na n-údarás pleánala dá gcomhoibriú agus ag comhairleoirí dlí an Bhoird.

Seán Ó Conchúir,
An Cathaoirleach

ALL CASES



Figures 1 to 6 contain key performance indicators in relation to all casework received and disposed of by the Board in 2006 and compares with 2005 or ten-year trends. A breakdown of casework by reference to normal planning appeals, local authority projects and other cases is provided in following tables.

FIGURE 1:
Summary All Cases

		2006	2005	Méadú/(laghdú) % Increase/ (decrease) %
On hands at start	Idir lámha ag an túis	2,062	1,503	37%
Received	Faighte	5,930	5,946	0%
Disposed of	Curtha de láimh	5,628	5,387	4%
On hands at end	Idir lámha ag an deireadh	2,364	2,062	15%
Disposed of within statutory objective period	Curtha de láimh laistigh den sprioc thréimhse reachtúil	52%	78%	-
Average time taken (weeks)	Meán ama a tógadh (seachtainí)	18	15	20%

Main Trends

- Received:** 2nd highest level since Board was established. Highest was in 2005. Intake was up 34% on the annual average over the period 1997 to 2005.
- Disposed of:** Second highest level. Disposals were up 29% on the annual average over the period 1997 to 2005.
- On hands at end:** Third highest since 1996, up 41% on the annual average over the period 1997 to 2005.
- Disposed of within statutory objective period:** Lowest since 2002.
- Average time taken:** Highest since 2002

GACH CÁS

Tá mórháscairí feidhmíochta i bhfigíúir 1 go dtí 6 maidir le gach cás a faighte agus curtha de láimh ag an mBord i 2006 agus déantar comparáid le 2005 nó le claonta ar feadh tréimhse deich mbliana. Tugtar briseadh síos ar an gcásobair de réir tagartha do ghnáth achomhairc phleanála, tionscadail údarás áitiúla agus cásanna eile sna táblí seo a leanas.

FIGIÚR 1:
Achoimre Gach Cás

		2006	2005	Méadú/(laghdú) % Increase/ (decrease) %
On hands at start	Idir lámha ag an túis	2,062	1,503	37%
Received	Faighte	5,930	5,946	0%
Disposed of	Curtha de láimh	5,628	5,387	4%
On hands at end	Idir lámha ag an deireadh	2,364	2,062	15%
Disposed of within statutory objective period	Curtha de láimh laistigh den sprioc thréimhse reachtúil	52%	78%	-
Average time taken (weeks)	Meán ama a tógadh (seachtainí)	18	15	20%

Príomh-chlaonadh

- Faighte:** An leibhéal is airde ó bhunaíodh an Bord. 2005 ab ea an dara ceann is airde. Bhí ardú de 34% ar an meán biantúil thar an tréimhse ó 1997 go dtí 2005.
- Curtha de láimh:** An dara leibhéal is airde. Bhí lón na gcásanna a cuireadh de láimh ardaithe 29% ar an meán biantúil thar an tréimhse ó 1997 go dtí 2005.
- Idir lámha ag deireadh:** An tríú leibhéal is airde ó 1996 suas 41% ar an meán biantúil thar an tréimhse 1997 go dtí 2005.
- Curtha de láimh laistigh den sprioc thréimhse reachtúil:** An leibhéal is ísele ó 2002
- Meán am a tógadh:** An leibhéal is airde ó 2002




FIGURE 2
Trend in intake, disposal and cases on hands 1997 to 2006




FIGURE 3

Analysis of cases on hands

The number of cases on hand over the statutory objective period at end of year represented 30% of all cases on hands.


Statutory objective periods for determining cases

Provisions in the Planning, Building Control and Water Pollution Acts and Regulations made under these Acts set down as an objective of the Board a requirement to ensure that appeals and certain other matters are determined within specified periods of time. In most cases, this is 18 weeks; 4 months applies to some cases while in others no

Léiríonn líon na gcásanna idir láhma thar an sprioc thréimhse reachtúil, ag deireadh na bliana, 30% de gach cás a bhí idir láhma.


Sprioc thréimhsí reachtúla do chinntí a dhéanamh ar chásanna

Leag na forálacha atá sna hAchtanna um Pleanail, Rialú Tóigala agus Truaillí Uisce agus i Rialachán déanta faoi na hAchtanna mar chuspóir ag an mBord riachtanas chun a chinntí go dtabharfar cinneadh ar aghomhairc agus ar ábhair eile laistigh de thréimhsí ama sonracha. Is 18 seachtain atá i gceist i bhformhór na gcásanna, baineann 4




statutory objective time period applies. It is a strategic objective of the Board to determine 90% of all cases which come before it within eighteen weeks/four months regardless of whether or not a statutory objective period applies.

FIGIÚR 4
Percentage of cases determined within statutory objective period 1997 to 2006



mí le roinnt cásanna cé i gcásanna eile níl aon sprioc thréimhse ama reachtúil ann. Is cuspoir straitéiseach é ag an mBord cinneadh a dhéanamh ar 90% de chásanna a thagann faoina bhráid laistigh d'ocht seachtain déag/cheithre mhí, bíodh sprioc thréimhse ama reachtúil i gceist nó nach mbíodh.

FIGIÚR 4
Céadán de chásanna a chinntíodh laistigh den sprioc thréimhse reachtúil 1997 go dtí 2006



During 2006, the Board complied with the statutory requirement that notice in writing be served on the parties to a case where it would not be possible or appropriate to determine the case within the statutory objective period. Figure 5 gives details of the number of weeks it took to decide cases from 1997 to 2006.

Le linn 2006, chlóigh an Bord leis an riachtas reachtúil go dtabharfaí fógra i scríbhinn do na páirtithe i gcás áit nach féidir nó nach bhfuil sé oiriúnach cinneadh a dhéanamh laistigh den sprioc thréimhse reachtúil. Tugann Figiúr 5 sonraí faoi líon na seachtain a thóg sé cinneadh a dhéanamh i gcásanna ó 1997 go dtí 2006.

FIGIÚR 5
Average time taken to dispose of cases (weeks)

FIGIÚR 5
Meán ama a thóg sé cásanna a chur de láimh (seachtain)


Bliain Year	Gnáth Achomhairc Phleanála Normal planning appeals	Tionscadail Údarás Áitiúil Local Authority Projects	Cásanna Eile Other cases	Iomlán All
1997	16	-	16	16
1998	18	-	14	18
1999	21	-	16	21
2000	21	-	21	21
2001	25	16	21	25
2002	23	27	20	23
2003	14	20	13	16
2004	14	18	9	14
2005	15	16	10	15
2006	18	17	14	18



Oral hearings

Appeals and referrals are generally dealt with on the basis of written submissions from the parties together with a site inspection by an inspector appointed by the Board. The Board has absolute discretion to hold an oral hearing of such cases whether or not a hearing is requested by a party to the appeal or referral. The Board must hold an oral hearing in relation to contested compulsory purchase orders and certain road schemes.

FIGURE 6
Oral hearings of all cases



Note: Oral hearings from 2001 include oral hearings of local authority compulsory purchase orders and road schemes. In 2006 the number of oral hearing requests in relation to normal planning appeals was 80 and the number of hearings held was 12.

Nóta: Tá éisteachtaí béal maidir le horduithe ceannaithe éigeantacha údarás áitiúil agus scéimeanna bóthair san áireamh in éisteachtaí béal ó 2001. I 2006 bhí 80 iarratas ar éisteachtaí béal maidir le gnáth achomhairc phlrianála agus bhí 12 éisteacht tionólta.


Inspectors' Reports and Recommendations

In 2006, the number of formal decisions made with Inspectors' reports were 4,062. The number of Inspectors' recommendations not generally accepted by the Board was 554 (13.6%) compared to 479 (12.6%) in 2005.

Éisteachtaí Béal

Déantar déileáil le hachomharc agus le rudaí a cuirtear faoi bhráid an Bhoird ar bhonn aighneachtaí scríofa ó na páirtithe i dteannta le scrudú ar an suíomh ag cigire arna cheapadh ag an mBord. Tá sé de chead ag an mBord, ar a chomhairle féin go hiomlán éisteacht bhéil a reáchtáil maidir lena leithéid de chásanna is cuma ar iarr páirtí an achomharc nó an ruda a cuireadh faoi bhráid an Bhoird nár iarr. Caithfidh an Bord éisteacht bhéil a reáchtáil maidir le orduithe ceannaithe éigeantacha áirithe agus scéimeanna bóthair.

FIGIÚR 6
Éisteachtaí béal maidir le gach cás



Moltaí agus Tuarascálacha gCigírí

I 2006, rinneadh 4,062 cinneadh foirmiúil le tuarascálacha na gCigírí. Níor ghlac an Bord go ginearálta le 554 (13.6%) de mholtáí na gCigírí í gcomparáid le 479 (12.6%) i 2005.

NORMAL PLANNING APPEALS



Introduction

Normal planning appeals i.e. under section 37 of the 2000 Planning Act (and under section 26 of the 1963 Planning Act for old planning cases) accounted for 93% of the intake of cases in 2006, about the same as 2005. Normal planning appeals arise from decisions by planning authorities on applications for permission for the development of land.

Normal planning appeals may be first party, third party or first and third party. Appendix 1 analyses the above categories of appeals and the effect of appeal decisions by reference to the category of appeal and the planning authority decision.

FIGURE 7
Summary of appeals

		2006	2005	Ardú/ (laghdú) % Increase/ (decrease) %
On hands at start	Idir lámha ag an túis	1,928	1,389	39%
Received	Faighte	5,508	5,503	0%
Disposed of	Curtha de láimh	5,203	4,964	5%
On hands at end	Idir lámha ag deireadh	2,233	1,928	16%
Disposed of within statutory objective period	Curtha de láimh laistigh de sprioc thréimhse reachtúil	51%	78%	-
Average time taken (weeks)	Meán ama a tógadh (seachtainí)	18	15	20%

Received:	Highest level since Board was established. Intake up 31% on the annual average over the period 1997 to 2005.
Disposed of:	Highest level since Board was established. Disposals were 26% up on the annual average over the period 1997 to 2005.
On hands at end:	Highest since 2001. 39% up on the annual average over the period 1997 to 2005.

GNÁTH ACHOMHAIRC PHLEANÁLA

Réamhrá

Ba ghnáth achomhairc phleanála faoi alt 37 den Acht Pleanála 2000 (agus faoi alt 26 d'Acht Pleanála 1963 do shean chásanna pleanála) iad 93% de na cásanna go léir a fuarthas in 2006, beagnach mar an gcéanna le 2005. Eascaíonn gnáth achomhairc phleanála as cinntí na n-údarás pleanála ar iarratais ar chead d'fhorbairt talún.

Is féidir le hachomharc pleanála a bheith ó chéad pháirtí, ó threaspháirtí nó ó chéad pháirtí agus ó threaspháirtí. Déanann Aguisín 1 anailís ar chatagóirí na n-achomharc thuslauite agus an éifeacht atá ag na cinntí achomhairc trí thagarth a dhéanamh don chatagóir achomhairc agus do chinneadh an údarás phleanála.

FIGURE 7
Achoimre na nAchomharc

		2006	2005	Ardú/ (laghdú) % Increase/ (decrease) %
On hands at start	Idir lámha ag an túis	1,928	1,389	39%
Received	Faighte	5,508	5,503	0%
Disposed of	Curtha de láimh	5,203	4,964	5%
On hands at end	Idir lámha ag deireadh	2,233	1,928	16%
Disposed of within statutory objective period	Curtha de láimh laistigh de sprioc thréimhse reachtúil	51%	78%	-
Average time taken (weeks)	Meán ama a tógadh (seachtainí)	18	15	20%

